| *For official use only* | *Reference number:* | *(November 2022)* |
|---|---|---|

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

# FOIRM GEARÁIN

**Faigheann agus imscrúdaíonn an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí gearáin faoi dhlí-chleachtóirí – aturnaetha agus abhcóidí. Soláthraímid seirbhís neamhchlaon**.

## Faisnéis thábhachtach

Má tá an fhoirm seo á comhlánú agat de láimh, bain úsáid as **dúch dubh** agus scríobh i mBLOCLITREACHA.

Scríobh ar bhealach fíorasach.

Má tá gearán á dhéanamh agat faoi níos mó ná dlí-chleachtóir amháin, beidh ort foirm ar leith a chomhlánú le haghaidh gach dlí-chleachtóra aonair. Beidh ort freisin cóipeanna ar leith de dhoiciméid tacaíochta a sheoladh isteach le haghaidh gach gearáin.

Tabhair faoi deara go ndéanfar cóip iomlán den ghearán i scríbhinn uait agus d'aon doiciméid bhreise agus d'aon chomhfhreagras a sheolann tú chugainn a chomhroinnt leis an dlí-chleachtóir a bhfuil gearán á dhéanamh agat faoi nó fúithi. Má tá gearán á dhéanamh agat faoi aturnae, seolfar cóip iomlán den ghearán uait chuig Dlí-Chumann na hÉireann freisin.

Molaimid duit ár dTreoir Faisnéise maidir le Gearáin a léamh. Insítear duit inti na cineálacha gearán a imscrúdaímid, cad nach mór duit a dhéanamh agus cad a tharlóidh nuair a chuireann tú gearán isteach.
**Cuir tic leis an mbosca seo nuair atá ár dTreoir Faisnéise maidir le Gearáin léite agat:** ☐

### Fógra Cosanta Sonraí

Déanann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí sonraí pearsanta, agus sonraí ar sonraí íogaire iad go minic, a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil ar bhonn leanúnach.

Leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, agus leis an Rialachán Ginearálta ón Aontas Eorpach maidir le Cosaint Sonraí (an Rialachán Ginearálta), tugtar cearta do dhaoine aonair agus tugtar freagrachtaí do na daoine agus na heagraíochtaí sin a bhíonn ag próiseáil sonraí pearsanta.

Tá feidhm ag an mbeartas sin maidir leis na sonraí uile a sealbhaíonn ÚRSD iad. Áirítear leis sin taifid leictreonacha agus taifid pháipéir freisin, mar aon le haon íomhánna TCI in ÚRSD. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig suíomh Gréasáin ÚRSD ag https://www.lsra.ie/data-protection-gdpr/

## Cuid 1 - Do shonraí

Tabhair do shonraí thíos. Tabhair faoi deara nach mbeimid in ann comhfhreagras a dhéanamh leat mura dtugann tú sonraí teagmhála.

**Teideal** ______________________________

**Céadainm** ______________________________

**Sloinne** ______________________________

**Seoladh** ______________________________

**Teileafón** ______________________________

**Seoladh ríomhphoist** ______________________________

**Dáta** ______________________________

**Is gnách go ndéanaimid cumarsáid trí ríomhphost. Más fearr leat go ndéanfaí teagmháil leat trí chasadh an phoist, cuir tic leis an mbosca seo.** ☐

## Cuid 2 - Gearán a dhéanamh thar ceann duine éigin eile

Ná comhlánaigh an rannán seo ach amháin má tá gearán á dhéanamh agat thar ceann duine éigin eile.

**Ainm an duine a bhfuil gearán á dhéanamh agat thar a cheann nó thar a ceann:** ______________________________

**Ní mór** don duine a bhfuil gearán á dhéanamh agat thar a cheann nó thar a ceann an ráiteas thíos a **shíniú** chun a thoiliú nó a toiliú i scríbhinn a thabhairt. Ní mór an leathanach seo lena ngabhann an ráiteas sínithe a sheoladh chuig ÚRSD.

> "Toilím le gearán a bheith á dhéanamh ag an duine atá ainmnithe i gCuid 1 den fhoirm seo leis an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí thar mo cheann agus údaraím ÚRSD chun comhfhreagras a dhéanamh leis nó léi ar feadh fhad an ghearáin seo mura gcuirim a mhalairt in iúl do ÚRSD."

**Sínithe** ______________________________

**Dáta** ______________________________

**Más amhlaidh nach bhfuil an duine a bhfuil gearán á dhéanamh agat thar a cheann nó thar a ceann in ann a thoiliú sínithe nó a toiliú sínithe a thabhairt de bharr aoise nó de bharr riocht meabhrach nó fisiciúil, cuir tic leis an mbosca seo.** ☐

Léigh ár mBeartas Toilithe chun faisnéis thábhachtach a fháil faoi conas a dhéileálfaimid le gearáin atá á

ndéanamh thar ceann duine éigin eile.

## Cuid 3 - An dlí-chleachtóir a bhfuil gearán á dhéanamh agat faoi nó fúithi

Tabhair sonraí faoin dlí-chleachtóir a bhfuil gearán á dhéanamh agat faoi nó fúithi. Más mian leat gearán a dhéanamh faoi níos mó ná dlí-chleachtóir amháin, beidh ort foirm gearáin ar leith a chomhlánú le haghaidh gach dlí-chleachtóra aonair.

**Ainm an dlí-chleachtóra** ______________________________

**Ainm an ghnólachta** (má bhaineann) ______________________________

**Seoladh an ghnólachta** (má bhaineann) ______________________________

______________________________

**An bhfuil tú i do chliant de chuid an dlí-chleachtóra a bhfuil gearán á dhéanamh agat faoi nó fúithi?**

**Tá** ☐ **Níl** ☐

## Cuid 4 - Sonraí faoin ngearán uait

Freagair na ceisteanna seo a leanas faoin ngearán uait.

1. **Cén uair a tharla an tsaincheist a bhfuil gearán á dhéanamh agat fúithi?**
   Tabhair faoi deara gur féidir go mbeidh feidhm ag teorainneacha ama maidir leis an ngearán uait.

   ______________________________

2. **Má tá gearán á dhéanamh agat faoi sheirbhísí a sholáthair an dlí-chleachtóir níos mó ná trí bliana ó shin, cén uair a tháinig tú ar an eolas faoin bhfadhb den chéad uair?**

   ______________________________

3. **An bhfuil an obair críochnaithe?** **Tá** ☐ **Níl** ☐
   Má tá, cén uair a críochnaíodh í? ______________________________

4. **An bhfuil sé amhlaidh gur sheol an dlí-chleachtóir aon fhaisnéis i scríbhinn chugat faoi chostas na hoibre?**
   Má tá, cuir cóip faoi iamh. **Tá** ☐ **Níl** ☐

5. **An bhfuil sé amhlaidh go ndearna tú íocaíocht leis an dlí-chleachtóir?** **Tá** ☐ **Níl** ☐
   Má tá, cuir sonraí faoi na híocaíochtaí a rinneadh faoi iamh.

6. **An bhfuil sé amhlaidh gur ghearr an Máistir Fómhais cáin ar na costais nó gur bhreithnigh an Breithneoir Costas iad?** Má tá, cuir cóip d'aon chinneadh a rinneadh faoi iamh. **Tá** ☐ **Níl** ☐
7. **An bhfuil sé amhlaidh gurb ann d'aon imeachtaí dlíthiúla a bhaineann leis an ngearán uait?** Má tá, cuir cóip de na páipéir chúirte uile faoi iamh. **Tá** ☐ **Níl** ☐
8. **An bhfuil sé amhlaidh go ndearna tú an gearán seo le Dlí-Chumann na hÉireann, le Cumann Onórach Óstaí an Rí, le Barra na hÉireann nó le haon eagraíocht eile roimhe seo? Tá** ☐ **Níl** ☐

   Má tá, tabhair sonraí:

   ________________________________________

   ________________________________________

## Cuid 5 - Achoimre ar an ngearán uait

Bain úsáid as an mbosca thíos chun achoimre ar an ngearán uait a scríobh.

- Leag an gearán uait amach go hachomair, agus úsáid á baint agat as pointí urchair más féidir.
- Tabhair míniú grinn ar cad a tharla, ar cén áit ar tharla sé agus ar cén uair a tharla sé (tabhair dátaí, más féidir).
- Má theastaíonn tuilleadh spáis uait, cuir leathanaigh bhreise leis.

| **Cuir príomhphointí an ghearáin uait in iúl dúinn** |
| --- |
| |

**Cuir in iúl dúinn cé na nithe a gceapann tú go ndearna nó nach ndearna an dlí-chleachtóir iad – cé na nithe a bhfuil tú míshásta fúthu**

**Cuir in iúl dúinn cén toradh ar mhaith leat go mbainfimis amach é thar do cheann**

## Cuid 6 - Doiciméid bhreise

Má tá doiciméid bhreise á gcur faoi iamh nó á seoladh agat chun tacú leis an ngearán uait, lean na treoirlínte thíos chun cabhrú linn an gearán uait a phróiseáil go tapa.

- Ná seol ach cóipeanna (in ionad bunleaganacha) de dhoiciméid **ábhartha**.
- Déan cinnte de go bhfuil na doiciméid uile inléite agus nach bhfuil siad curtha in eagar ná athraithe.
- Cuir doiciméid i láthair in ord croineolaíoch (de réir dáta).
- Tabhair doiciméid leictreonacha i bhformáid PDF, Microsoft Word (.doc/.docx) **nó** Doiciméid Oscailte (.odt). Ar chúiseanna slándála, ní féidir linn naisc Ghréasáin ná tiomántáin sheachtracha amhail méaróga USB a rochtain.

- Ná fáisc doiciméid toisc gur gá dúinn leathanaigh aonair a scanadh.

## Cuid 7 - Seicliosta

Déan cinnte de go ndearna tú:

- ☐ An rannán 'Faisnéis thábhachtach' ar an gcéad leathanach den fhoirm seo a léamh
- ☐ Do shonraí a thabhairt i gCuid 1
- ☐ An fhoirm toilithe i gCuid 2 a léamh agus a chomhlánú má bhaineann sí leat
- ☐ Ainm an dlí-chleachtóra a bhfuil gearán á dhéanamh agat faoi nó fúithi a lua i gCuid 3
- ☐ Na ceisteanna uile faoin ngearán uait a chomhlánú i gCuid 4
- ☐ Achoimre ar an ngearán uait a thabhairt i gCuid 5
- ☐ Cóipeanna de na doiciméid tacaíochta uile a chur faoi iamh, agus na treoirlínte i gCuid 6 á leanúint

## Conas is féidir leat an gearán uait a sheoladh chugainn

Seol an fhoirm seo agus doiciméid tacaíochta chuig ÚRSD.

### Trí ríomhphost:

Seol an fhoirm seo agus aon doiciméid tacaíochta trí ríomhphost chuig:

**complaints@lsra.ie**

### Trí chasadh an phoist:

Mura bhfuil aon rochtain agat ar ríomhphost, seol an fhoirm seo agus aon doiciméid tacaíochta trí chasadh an phoist chuig:

**An Rannóg Gearáin**
**An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí**
**Bosca O.P. 12906, Baile Átha Cliath 7**

Más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil fúinne agus faoin dóigh a ndéileálaimid le gearáin, téigh chuig ár suíomh Gréasáin ag: **www.lsra.ie**